# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 338

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

25 Meán Fómhair 2023

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2023/C 338/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2023/C 338/02 Cás C-64/23 P: Achomharc arna thabhairt an 7 Feabhra 2023 ag Neoperl AG i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 7 Nollaig 2022 i gCás T-487/21, Neoperl AG v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh . . . . . 2

2023/C 338/03 Cás C-114/23, Sapira: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 27 Feabhra 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne KB . . . . . 2

2023/C 338/04 Cás C-115/23, Jurckow: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 27 Feabhra 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne RZ . . . . . 3

2023/C 338/05 Cás C-132/23, Kosieski: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 6 Márta 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne AN . . . . . 3

2023/C 338/06 Cás C-160/23, Oczka: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 15 Márta 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne CG . . . . . 4

GA

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 338/07 | Cás C-256/23, ECHA: Iarraidh ar réamhrialú ó Bayerisches Verwaltungsgericht Regensburg (an Ghearmáin) a taisceadh an 20 Aibreán 2023 – an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán v Hallertauer Hopfenveredelungsges. m.b.H. | 5 |
| 2023/C 338/08 | Cás C-290/23, ECHA: Iarraidh ar réamhrialú ó Oberverwaltungsgerichts des Landes Sachsen-Anhalt (an Ghearmáin) arna taisceadh an 8 Bealtaine 2023 – an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán v B. GmbH | 5 |
| 2023/C 338/09 | Cás C-320/23, Bundesarbeitskammer: Iarraidh ar réamhrialú ó Handelsgericht Wien (an Ostair) a taisceadh an 24 Bealtaine 2023 – DocLX Travel Events GmbH v Bundesarbeitskammer | 6 |
| 2023/C 338/10 | Cás C-330/23, Aldi Süd: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 25 Bealtaine 2023 – Verbraucherzentrale Baden-Württemberg e.V. v Aldi Süd Dienstleistungs-SE & Co. OHG | 7 |
| 2023/C 338/11 | Cás C-349/23, Zetschek: Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Karlsruhe (an Ghearmáin) a taisceadh an 6 Meitheamh 2023 – HB v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine | 7 |
| 2023/C 338/12 | Cás C-350/23, Agrarmarkt Austria: Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 7 Meitheamh 2023 – Vorstand für den Geschäftsbereich II der Agrarmarkt Austria | 8 |
| 2023/C 338/13 | Cás C-386/23, Novel Nutriology: Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 26 Meitheamh 2023 – Novel Nutriology GmbH v Verband Sozialer Wettbewerb e.V. | 9 |
| 2023/C 338/14 | Cás C-390/23, Rzecznik Finansowy: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 27 Meitheamh 2023 – Rzecznik Finansowy v Bank AG S.A, M.S., A.K. | 10 |
| 2023/C 338/15 | Cás C-414/23, Metsä Fibre: Iarraidh ar réamhrialú ón Helsingin hallinto-oikeus (an Fhionlainn) a taisceadh an 6 Iúil 2023 – Metsä Fibre Oy | 11 |
| 2023/C 338/16 | Cás C-417/23, Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge: Iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret (an Danmhairg) a taisceadh an 6 Iúil 2023 — Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge XM, ZQ, FZ, DL, WS, JI, PB, VT, YB, TJ, RK v MV, EH, LI, AQ, LO, Social-, Bolig- og Ældreministeriet | 11 |
| 2023/C 338/17 | Cás C-460/23, Kinshasa: Iarraidh ar réamhrialú ó Tribunale di Bologna (an Iodáil) a taisceadh an 21 Iúil 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne OB | 12 |
| 2023/C 338/18 | Cás C-505/23: Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2023 — Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh | 13 |
| 2023/C 338/19 | Cás C-512/23: Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2023 — Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh | 14 |
| 2023/C 338/20 | Cás C-519/23: Caingean arna tabhairt an 10 Lúnasa 2023 – An Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile | 15 |


**Chúirt Ghinearálta**


| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 338/21 | Cás T-215/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – SMA Mineral v an Coimisiún (Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Córas maidir le lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa a thrádáil – Leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Saoráid ina úsáidtear táirge idirmheánach ar a ndírítear le tagarmharc táirge – Diúltú do shonraí a bhaineann le leithdháileadh saor in aisce lamháltas maidir leis an tsaoráid sin – Earráidí follasacha measúnaithe) | 17 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 338/22 | Cás T-244/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Luossavaara-Kiirunavaara v an Coimisiúin (Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Scéim maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Saor-leithdháileadh idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Suiteálacha a tháirgeann táirge nach gcumhdaítear le tagarmharc táirge – Gan aon inionadaitheacht dhíreach idir táirgí – Diúltú do na sonraí a bhaineann le lamháltais a leithdháileadh saor in aisce do na suiteálacha sin – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráidí follasacha measúnaithe – Cóir chomhionann – Dualgas cúraim – Oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh – Pléadáil neamhdhleathachta) | 17 |
| 2023/C 338/23 | Cás T-269/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Arctic Paper Grycksbo v an Coimisiún (Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Scéim um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil – Bearta cur chun feidhme náisiúnta – Leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Cinneadh saoráid a úsáideann bithmhais amháin a eisiamh – Dícheall cuí – Ceart éisteacht a fháil – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach measúnaithe – Cóir chomhionann – Ionchas dlisteanach – Pléadáil neamhdhleathachta – Pointe 1 d'Iarscríbhinn I de Threoir 2003/87) | 18 |
| 2023/C 338/24 | Cás T-109/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Schneider v EUIPO – Frutaria Innovation (frutania) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmhrac fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'frutania' – Trádmharc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'Frutaria' – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) | 19 |
| 2023/C 338/25 | Cás T-243/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Pshonka v an Comhairle (Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise na staide san Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur glacadh cinneadh údaráis tríú Stát i gcomhréir le cearta na cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil) | 19 |
| 2023/C 338/26 | Cás T-244/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Pshonka v an Comhairle (Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise na staide san Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur glacadh cinneadh údaráis tríú Stát i gcomhréir le cearta na cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil) | 20 |
| 2023/C 338/27 | Cás T-315/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Yayla Türk v EUIPO – Marmara Import-Export (Sütat) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'Sütat' – Dearbhfhoras neamhbhailíochta – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – An ceart chun éisteacht a fháil) | 21 |
| 2023/C 338/28 | Cás T-434/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Topas v EUIPO – Tarczyński (VEGE STORY) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'VEGE STORY' – Focalmharc níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'veggie' – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) | 22 |
| 2023/C 338/29 | Cás T-663/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Mood Media Netherlands v EUIPO – Tailoradio (RADIO MOOD In-store Radio, made easy) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'RADIO MOOD In-store Radio, made easy' – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh roimhe seo 'MOOD:MIX' – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [anois Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001]) | 22 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 338/30 | Cás T-664/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Mood Media Netherlands v EUIPO – Tailoradio (VIDEO MOOD Digital Signage, made easy) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh VIDEO MOOD Digital Signage, made easy – Trádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe MOOD: MIX – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois)) | 23 |
| 2023/C 338/31 | Cás T-222/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 21 Iúil 2023 – Arysta Lifescience v EFSA (Bearta eatramhacha – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta chun formheas substainte gníomhaí a athnuachan – Doiciméid a thagann ó thríú páirtí – Cinneadh rochtain ar dhoiciméid a dheonú do thríú páirtí – Iarratas ar oibriú birt a chur ar fionraí – Coincheap na 'faisnéise a bhaineann le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol' – Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 – Cás prima facie – Práinn – Cothromú leasanna) | 24 |
| 2023/C 338/32 | Cás T-226/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2023 – Neuraxpharm Pharmaceuticals v an Coimisiún (Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 24 |
| 2023/C 338/33 | Cás T-227/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2023 – Mylan Ireland v an Coimisiún (Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 25 |
| 2023/C 338/34 | Cás T-228/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2023 – Zaklady Farmaceutyczne Polpharma v an Coimisiún (Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 26 |
| 2023/C 338/35 | Cás T-256/23 R: Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Mylan Ireland v an Coimisiún (Faoiseamh eatramhach – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 26 |
| 2023/C 338/36 | Cás T-257/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Neuraxpharm Pharmaceuticals v an Coimisiún (Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 27 |
| 2023/C 338/37 | Cás T-258/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Zaklady Farmaceutyczne Polpharma v an Coimisiún (Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 28 |
| 2023/C 338/38 | Cás T-278/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Zentiva agus Zentiva Pharma v an Coimisiún (Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne) | 29 |
| 2023/C 338/39 | Cás T-286/23 R: Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – OT v an Chomhairle (Nós imeachta eatramhach – Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad – Cistí a chalcadh – Iarraidh ar bhearta eatramhacha – Easpa práinne) | 29 |
| 2023/C 338/40 | Cás T-350/23: Caingean arna tabhairt an 26 Meitheamh 2023 –Kargins v an Coimisiún | 30 |
| 2023/C 338/41 | Cás T-389/23: Caingean arna tabhairt an 7 Iúil 2023 – Raiffeisen Bank International v BRA | 31 |
| 2023/C 338/42 | Cás T-462/23: Caingean arna tabhairt an 7 Lúnasa 2023 – ePlus v EUIPO – Telefónica Germany (E-Plus) | 32 |
| 2023/C 338/43 | Cás T-463/23: Caingean arna tabhairt an 7 Lúnasa 2023 – ePlus v EUIPO – Telefónica Germany (E-Plus) | 33 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 338/44 | Cás T-477/23: Caingean arna taisceadh an 31 Iúil 2023 – DZ Bank v BRA | 34 |
| 2023/C 338/45 | Cás T-480/23: Caingean arna tabhairt an 9 Lúnasa 2023 – Plahotniuc v an Chomhairle | 35 |
| 2023/C 338/46 | Cás T-481/23: Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2023 – Banco Credibom v BRA | 36 |
| 2023/C 338/47 | Cás T-483/23: Caingean arna tabhairt an 28 Iúil 2023 – Deutsche Kreditbank v BRA | 36 |
| 2023/C 338/48 | Cás T-484/23: Caingean arna tabhairt an 28 Iúil 2023 – DZ Bank v BRA | 38 |
| 2023/C 338/49 | Cás T-485/23: Caingean arna tabhairt an 28 Iúil 2023 – Deutsche Bank v BRA | 38 |
| 2023/C 338/50 | Cás T-486/23: Caingean arna tabhairt an 31 Iúil 2023 – Bayerische Landesbank v BRA | 39 |
| 2023/C 338/51 | Cás T-487/23: Caingean arna tabhairt an 31 Iúil 2023 – Landesbank Hessen-Thüringen Girozentrale v BRA | 40 |
| 2023/C 338/52 | Cás T-488/23: Caingean arna taisceadh an 31 Iúil 2023 – BHW Bausparkasse v BRA | 40 |
| 2023/C 338/53 | Cás T-497/23: Caingean arna tabhairt an 12 Lúnasa 2023 – Fidia farmaceutici v EUIPO – Vorwarts Pharma (HYALERA) | 41 |
| 2023/C 338/54 | Cás T-499/23: Caingean arna tabhairt an 14 Lúnasa 2023 – Enterprise Holdings v EUIPO – Qommute (COMMUTE WITH ENTERPRISE) | 42 |
| 2023/C 338/55 | Cás T-500/23: Caingean arna tabhairt an 14 Lúnasa 2023 – Enterprise Holdings v EUIPO – Qommute (COMMUTE WITH ENTERPRISE) | 43 |
| 2023/C 338/56 | Cás T-501/23: Caingean arna tabhairt an 15 Lúnasa 2023 – Listan v EUIPO (Silent Loop) | 43 |
| 2023/C 338/57 | Cás T-502/23: Caingean arna tabhairt an 15 Lúnasa 2023 – HX v an Chomhairle | 44 |
| 2023/C 338/58 | Cás T-506/23: Caingean arna taisceadh an 16 Lúnasa 2023 – Freistaat Bayern v EUIPO – BSGE (Neuschwanstein) | 45 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2023/C 338/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 329, 18.9.2023

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 321, 11.9.2023

IO C 314, 4.9.2023

IO C 304, 28.8.2023

IO C 296, 21.8.2023

IO C 286, 14.8.2023

IO C 278, 7.8.2023

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Achomharc arna thabhairt an 7 Feabhra 2023 ag Neoperl AG i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 7 Nollaig 2022 i gCás T-487/21, Neoperl AG v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-64/23 P)**

(2023/C 338/02)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Neoperl AG (ionadaí: U. Kaufmann, Rechtsanwältin

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Oifige Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 11 Iúil 2023, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomharc dul ar aghaidh) gan ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh sí don achomharcóir a chuid costas a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 27 Feabhra 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne KB**

**(Cás C-114/23, Sapira)** [1]

(2023/C 338/03)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

KB

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(1) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar Aontas Eorpach (CAE), le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh (prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, prionsabal um dho-sháraitheacht bhreithiúnas críochnaitheach, prionsabal na comhréireachta, prionsabal neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de), an bhfuil léiriú le déanamh sa chaoi go gcuirtear cosc ar aon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear bac ar chúirt, mar chuid d'imeachtaí um bhreithiúnas críochnaitheach a fhorfheidhmiú in imeachtaí coiriúla, scrúdú a dhéanamh le feiceáil ar thug cúirt a chomhlíonann na ceanglais maidir le bunú de réir dlí agus maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúnas infhorfheidhmithe agus, i gcás ina suíomhtar nár comhlíonadh na ceanglais sin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimhe sin, agus lena gcuirtear bac ar an gcúirt sin na hiarmhairtí riachtanacha a bhaint uaidh sin, lena n-áirítear díbhe an bhreithiúnais a tugadh mar sin agus scor de na himeachtaí forfheidmithe?

(2) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, an bhfuil déanamh a leithéide de scrúdú faoi réir tús a bheith curtha leis ag an duine ciontaithe nó ag comhlacht údaraithe eile nó, i bhfianaise phrionsabal dhlí an Aontais Eorpaigh thuasluaite, an gceanglaítear ar an gcúirt a leithéid de scrúdú a dhéanamh as a stuaim féin in imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnas críochnaitheach?

(1) Tugtar ainm bréige don chás seo. Ní fhreagraíonn sé d'ainm aon pháirtí sna himeachtaí.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 27 Feabhra 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne RZ**

**(Cás C-115/23, Jurckow)** (1)

(2023/C 338/04)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

RZ

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(1) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar Aontas Eorpach (CAE), le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh (prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, prionsabal um dho-sháraitheacht bhreithiúnas críochnaitheach, prionsabal na comhréireachta, prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de), an bhfuil léiriú le déanamh sa chaoi go gcuirtear cosc ar aon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear bac ar chúirt, mar chuid d'imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnais chríochnaithigh in imeachtaí coiriúla, scrúdú a dhéanamh le feiceáil ar thug cúirt a chomhlíonann na ceanglais maidir le bunú de réir dlí agus maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúnas infhorfheidhmithe agus, i gcás ina suíomhtar nár comhlíonadh na ceanglais sin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimhe sin, na hiarmhairtí is gá a bhaint uaidh sin, lena n-áirítear díbhe an bhreithiúnais a tugadh mar sin agus scor de na himeachtaí forfheidmithe?

(2) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, an bhfuil déanamh a leithéide de scrúdú faoi réir tús a bheith curtha leis ag an duine ciontaithe nó ag comhlacht údaraithe eile nó, i bhfianaise phrionsabail dhlí an Aontais Eorpaigh thuasluaite, an gceanglaítear ar an gcúirt a leithéid de scrúdú a dhéanamh as a stuaim féin in imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnais chríochnaithigh?

(1) Tugtar ainm bréige sa chás seo. Ní fhreagraíonn sé d'ainm aon pháirtí sna himeachtaí.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 6 Márta 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne AN**

**(Cás C-132/23, Kosieski)** (1)

(2023/C 338/05)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

AN

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(1) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar Aontas Eorpach (CAE), le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh (prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, prionsabal um dho-sháraitheacht bhreithiúnas críochnaitheach, prionsabal na comhréireachta, prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de), an bhfuil léiriú le déanamh sa chaoi go gcuirtear cosc ar aon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear bac ar chúirt, mar chuid d'imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnais chríochnaithigh in imeachtaí coiriúla, scrúdú a dhéanamh le feiceáil ar thug cúirt a chomhlíonann na ceanglais maidir le bunú de réir dlí agus maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúnas infhorfheidhmithe agus, i gcás ina suíomhtar nár comhlíonadh na ceanglais sin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimhe sin, lena gcuirtear bac ar an gcúirt sin na hiarmhairtí is gá a bhaint uaidh sin, lena n-áirítear díbhe an bhreithiúnais ar tugadh mar sin agus scor de na himeachtaí forfheidmithe?

(2) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, an bhfuil déanamh a leithéide de scrúdú faoi réir tús a bheith curtha leis ag an duine ciontaithe nó ag comhlacht údaraithe eile nó, i bhfianaise phrionsabail dhlí an Aontais Eorpaigh thuasluaite, an gceanglaítear ar an gcúirt a leithéid de scrúdú a dhéanamh as a stuaim féin in imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnais chríochnaithigh?

(1) Tugtar ainm bréige don chás seo. Ní fhreagraíonn sé d'ainm aon pháirtí sna himeachtaí.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 15 Márta 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne CG**

**(Cás C-160/23, Oczka)** (1)

(2023/C 338/06)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

CG

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(1) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar Aontas Eorpach (CAE), le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh (prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, prionsabal um dho-sháraitheacht bhreithiúnas críochnaitheach, prionsabal na comhréireachta, prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de), an bhfuil léiriú le déanamh sa chaoi go gcuirtear cosc ar aon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear bac ar chúirt, mar chuid d'imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnais chríochnaithigh in imeachtaí coiriúla, scrúdú a dhéanamh le feiceáil ar thug cúirt a chomhlíonann na ceanglais maidir le bunú de réir dlí agus maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithiúnas infhorfheidhmithe agus, i gcás ina suíomhtar nár comhlíonadh na ceanglais sin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimhe sin, na hiarmhairtí is gá a bhaint uaidh sin, lena n-áirítear díbhe an bhreithiúnais a tugadh mar sin agus scor de na himeachtaí forfheidmithe?

(2) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, an bhfuil déanamh a leithéide de scrúdú faoi réir tús a bheith curtha leis ag an duine ciontaithe nó ag comhlacht údaraithe eile nó, i bhfianaise phrionsabail dhlí an Aontais Eorpaigh thuasluaite, an gceanglaítear ar an gcúirt a leithéid de scrúdú a dhéanamh as a stuaim féin in imeachtaí um fhorfheidhmiú breithiúnais chríochnaithigh?

(1) Tugtar ainm bréige don chás seo. Ní fhreagraíonn sé d'ainm aon pháirtí sna himeachtaí.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Bayerisches Verwaltungsgericht Regensburg (an Ghearmáin) a taisceadh an 20 Aibreán 2023 – an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán v Hallertauer Hopfenveredelungsges. m.b.H.

**(Cás C-256/23, ECHA)**

(2023/C 338/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bayerisches Verwaltungsgericht Regensburg

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

*Cosantóir:* Hallertauer Hopfenveredelungsges. m.b.H.

*Idiragraí*: Regierung von Niederbayern (Rialtas na Baváir Íochtaraí) mar ionadaí ar son leas an phobail

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gcaithfear Airteagal 94(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]), ar dá réir is féidir caingean a thionscnamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne cinneadh ón ngníomhaireacht, a léiriú sa chaoi gur féidir caingean a thabhairt i gcoinne infhorfheidhmitheacht chinntí na gníomhaireachta freisin?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1, an gcaithfear an chéad mhír d'Airteagal 299 CFAE a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aici ní hamháin maidir le gníomhartha arna nglacadh ag an gComhairle, ag an gCoimisiún nó ag an Banc Ceannais Eorpach, ach freisin maidir le cinntí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán lena bhforchuirtear muirear riaracháin?

3. Más freagra dearfach a thabharfar ar an dara ceist, an gcaithfear an dara mír d'Airteagal 299 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuimsítear leis an tagairt do rialacha nós imeachta sibhialta an Bhallstáit, ní hamháin na rialacha nós imeachta ach freisin na rialacha maidir le dlínse?

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ó Oberverwaltungsgerichts des Landes Sachsen-Anhalt (an Ghearmáin) arna taisceadh an 8 Bealtaine 2023 – an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán v B. GmbH

**(Cás C-290/23, ECHA)**

(2023/C 338/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Oberverwaltungsgericht des Landes Sachsen-Anhalt

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir agus achomharcóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

*Cosantóir agus freagróir:* B. GmbH

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gcaithfear an chéad leath den chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aige maidir le cinntí arna nglacadh ag an gComhairle, ag an gCoimisiún nó ag an mBanc Ceannais Eorpach amháin, nó an bhfuil feidhm aige freisin maidir le cinntí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán lena bhforchuirtear muirear riaracháin faoi Airteagal 13(4) de Rialachán (CE) Uimh. 340/2008 [1] ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2008 maidir leis na táillí agus na muirir iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)?

2. I gcás nach bhfuil cinneadh na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán maidir le muirear riaracháin den sórt sin a fhorchur infhorfheidhmithithe:

   An gcaithfear an tríú fomhír d'Airteagal 13(4), arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 340/2008, a léiriú sa chaoi gur chóir caingean le haghaidh forfheidhmiú íocaíocht an mhuirir riaracháin a chur as an áireamh?

---

(1) Rialachán (CE) Uimh. 340/2008 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2008 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2008 maidir leis na táillí agus na muirir iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) (IO 2008 L 107, lch. 6).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Handelsgericht Wien (an Ostair) a taisceadh an 24 Bealtaine 2023 – DocLX Travel Events GmbH v Bundesarbeitskammer

**(Cás C-320/23, Bundesarbeitskammer)**

(2023/C 338/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Handelsgericht Wien

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Achomharcóir:* DocLX Travel Events GmbH

*Freagróir:* Bundesarbeitskammer

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

De bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déantar na ceisteanna seo a leanas maidir le hAirteagal 12 de Threoir (AE) 2015/2302 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

1. An gcaithfear oiriúnacht na táille scortha, agus méid na táille scortha dá réir sin, a scrúdú i dtaca leis an tráth a rinneadh tairiscint an eagraí, nuair a cuireadh an conradh taistil láneagraithe i gcrích, nuair a rinne an taistealaí dearbhú scoir, nuair a bhí deireadh le teacht leis an turas láneagraithe, nó am éigin eile?

2. An gcaithfear oiriúnacht na táille scortha, agus méid na táille scortha dá réir sin, a scrúdú ar bhonn ríomh atá ceart ó thaobh cúrsaí tráchtála agus eacnamaíocha de nó ar bhonn critéir eile amhail, mar shampla, meastachán caighdeánaithe bunaithe ar chéatadán de phraghas an phacáiste?

3. An gcaithfear an fhoráil sin a léiriú sa chiall, i gcás ina bhfuil an táille scoir a comhaontaíodh sa chonradh taistil láneagraithe ar leibhéal míréasúnta ard, go gcoimeádann an t-eagraí a cheart chun táille réasúnta scoir a íoc (mar a chinnfear leis na freagraí ar Cheisteanna 1 agus 2) nó an gcaithfear an táille sin a ríomh go sonrach ar bhonn an mhíbhuntáiste iarbhír don eagraí, nó an gcailleann an t-eagraí an ceart sin amach is amach?

4. An bhféadfaí, chun críocha oiriúnacht na táille scoir a mheas, go háirithe i gcás inar comhaontaíodh an táille sin ar bhonn caighdeánaithe, an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir leis an gcúirt méid éilimh a chinneadh ar a rogha féin, má mheastar go mbeidh costas as cuimse ag baint leis na himeachtaí?

---

(1) Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal lánáirithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO 2015 L 326, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 25 Bealtaine 2023 – Verbraucherzentrale Baden-Württemberg e.V. v Aldi Süd Dienstleistungs-SE & Co. OHG

**(Cás C-330/23, Aldi Süd)**

(2023/C 338/10)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Düsseldorf

### Páirtithe sna himeachtaí

*Iarratasóir:* Verbraucherzentrale Baden-Württemberg e.V.

*Cosantóir:* Aldi Süd Dienstleistungs-SE & Co. OHG

### Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An gcaithfear Airteagal 6a(1) agus (2) den Treoir maidir le praghsanna a chur in iúl [1] a léiriú sa chaoi nach mór céatadán a luaitear i bhfógra maidir le lascaine a bheith ag tagairt do phraghas a bhí ann roimhe sin de réir bhrí Airteagal 6a(2) den Treoir maidir le praghsanna a chur in iúl?

2. An gcaithfear Airteagal 6a(1) agus (2) den Treoir maidir le praghsanna táirgí a chur in iúl a léiriú amhail, i gcás go leagtar béim ar thairiscint maidir le praghas fabhrach (amhail cur síos ar phraghas mar 'praghas suntasach') i bhfógra maidir le laghdú ar an bpraghas, an gcaithfear tagairt don phraghas roimhe sin de réir bhrí Airteagal 6a(2) den Treoir maidir le praghsanna a chur in iúl?

---

(1) Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl (IO 1998 L 80, lch. 27), arna leasú go deireanach le Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí (IO 2019 L 328, lch. 7).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Karlsruhe (an Ghearmáin) a taisceadh an 6 Meitheamh 2023 – HB v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

**(Cás C-349/23, Zetschek [1])**

(2023/C 338/11)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Verwaltungsgericht Karlsruhe

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* HB

*Cosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil idirdhealú díreach ar fhorais aoise de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/78/CE ([2]) i gceist, i gcás nach féidir le Breithiúna Feidearálacha, faoi Mhír 48(2) den Dlí Gearmánach maidir le Breithiúna, an tráth a rachaidh siad ar scor a chur siar, cé gur féidir le státseirbhísigh fheidearálacha agus, mar shampla, breithiúna i seirbhís Land Baden-Württemberg a dhéanamh amhlaidh?

2. I gcomhthéacs na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(1) de Threoir 2000/78/CE, an áirítear freisin ar ghnéithe den chomhthéacs ginearálta a bhaineann leis an mbeart atá i gceist gnéithe nach luaitear ar chor ar bith san ábhar reachtaíochta ná i gcúrsa an phróisis iomláin reachtaigh sa pharlaimint, ach a ardaítear le linn na n-imeachtaí breithiúnacha amháin?

3. Conas ba chóir na téarmaí 'oibiachtúil' agus 'réasúnta' sa chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de Threoir 2000/78/CE a léiriú agus cad é an tagarmharc ábhartha ina leith? An dteastaíonn scrúdú dúbailte maidir le hoiriúnacht faoi Airteagal 6(1) den Treoir?

4. An gcaithfear an chéad mhír d'Airteagal 6(1) de Threoir 2000/78 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc, ó thaobh comhsheasmhachta de, ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc ar bhreithiúna feidearálacha an tráth a rachaidh siad ar scor a chur siar, cé go gceadaítear do státseirbhísigh fheidearálacha agus, mar shampla, breithiúna atá i seirbhís Land Baden-Württemberg a dhéanamh amhlaidh?

([1]) Tugtar ainm bréige sa chás seo, nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna príomhimeachtaí.
([2]) Treoir ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 7 Meitheamh 2023 – Vorstand für den Geschäftsbereich II der Agrarmarkt Austria**

**(Cás C-350/23, Agrarmarkt Austria)**

(2023/C 338/12)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Vorstand für den Geschäftsbereich II der Agrarmarkt Austria

*Páirtí leasmhar:* T F

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. I gcás iarratas ar chabhair beostoic de réir bhrí phointe 15 d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 640/2014 ([1]), a cuireadh isteach le haghaidh na bliana 2020 le haghaidh tacaíocht chúpláilte a dheonú, dá mbaintear leas, chun críocha Airteagal 21(4) de Rialachán 809/2014 ([2]), as an bhfaisnéis i mbunachar sonraí ríomhairithe le haghaidh bó-ainmhithe, an ionann fógra nach ndéantar ach tar éis dhul in éag na tréimhse 15 lá tar éis na hainmhithe (bó-ainmhithe) a bhogadh chuig féarach sléibhe de bhun Airteagal 2(2) agus (4) de Chinneadh 2001/672/CE ([3]) ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2011, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ([4]), agus iontráil mhícheart sa bhunachar sonraí ríomhairithe le haghaidh bó-ainmhithe nach bhfuil ábhartha, de bhun Airteagal 30(4)(c) de Rialachán, chun comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a fhíorú seachas an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 53(4) de Rialachán (AE) Uimh. 639/2014 ([5]) faoin scéim cabhrach nó faoin mbeart tacaíochta lena mbaineann, agus é de thoradh air sin nach cóir a mheas nár cinneadh na hainmhithe ach má aimsítear iontráil mhícheart den sórt sin le linn dhá sheiceáil laistigh de thréimhse 24 mhí?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist:

Chun críocha Airteagal 15(1) agus Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 640/2014, an bhfuil feidhm ag na pionóis riaracháin dá bhforáiltear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 640/2014 maidir le cur i bhfeidhm na tacaíochta cúpláilte dá dtagraítear sa chéad cheist i gcás ina n-eisíonn feirmeoir fógra i scríbhinn chuig an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus (4) de Chinneadh 2001/672/CE ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2001, i gcomhar le hAirteagal 7(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000, maidir leis na hainmhithe a bhogadh chuig féarach sléibhe, i gcás inar léir ón bhfógra go bhfuil sé déanach i ndáil leis an tréimhse 15 lá a leagtar síos sna forálacha sin, a mhéid nár chuir an t-údarás inniúil in iúl don iarratasóir go bhfuil sé i gceist aige seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus nár chuir sé an t-iarratasóir ar an eolas faoi aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair?

---

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus leis na cúinsí faoina ndiúltófar nó faoina n-aistarraingeofar íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus le tras-chomhlíonadh (IO 2014 L 181, lch. 48).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus traschomhlíonadh (IO 2014 L 227, lch. 69).

([3]) Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2001 lena leagtar síos rialacha speisialta a bhfuil feidhm acu maidir le gluaiseachtaí bó-ainmhnithe nuair a chuirtear amach iad ar féarach sa samhradh i limistéir sléibhe (IO 2001 L 235, lch. 23).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le lipéadú mairteola agus táirgí mairteola agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle (IO 2014 L 181, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin (IO 2014 L 181, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 26 Meitheamh 2023 – Novel Nutriology GmbH v Verband Sozialer Wettbewerb e.V.

**(Cás C-386/23, Novel Nutriology)**

(2023/C 338/13)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Cosantóir agus achomharcóir ar phointe dlí:* Novel Nutriology GmbH

*Iarratasóir agus freagróir ar phointe dlí:* Verband Sozialer Wettbewerb e.V.

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

Déantar an cheist seo a leanas maidir le léiriú Airteagal 10(1) agus (3), Airteagal 28(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna ([1]) arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. 1047/2012 ([2]) ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 agus aithrisí 10 agus 11 de Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2012 lena mbunaítear liosta de mhaímh shláinte atá ceadaithe a dhéantar maidir le bianna, seachas na bianna a thagraíonn do bhaol galar a laghdú agus d'fhorbairt agus do shláinte leanaí ([3]) agus aithrisí 4 agus 5 de Rialachán (AE) Uimh. 536/2013 ([4]) ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 a tharchur le haghaidh réamhrialú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

1. An gceadaítear maímh shláinte (Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 1924/2006) nó tagairtí do thairbhí ginearálta neamhshonracha na substainte cothaithí nó an bhia i dtaca le dea-shláinte ghinearálta nó folláine (Airteagal 10(3) de Rialachán [CE] Uimh. 1924/2006) a fhógairt le substaintí plandúla ('Luibheolaíochtaí'), gan na maímh sin a bheith údaraithe faoin Rialachán sin agus iad a bheith san áireamh i liosta na maíomh údaraithe de bhun Airteagail 13 agus 14 den Rialachán (Airteagal 10(1) den Rialachán) agus gan maíomh sonrach sláinte atá sna liostaí dá dtagraítear in Airteagail 13 nó 14 den Rialachán (Airteagal 10(3) den Rialachán) a bheith ag gabháil leis na tagairtí sin, fad nach bhfuil críoch curtha leis an measúnú ag an Údarás agus leis an scrúdú ag an gCoimisiún maidir leis na maímh a dtugtar fógra ina leith i dtaca le 'substaintí luibhe' a áireamh sna liostaí Comhphobail dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 14 de Rialachán [CE] Uimh. 1924/2006?

(1) IO 2006 L 404, lch. 9.
(2) Rialachán (AE) Uimh. 1047/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 maidir le liosta na maíomh cothaithe (IO 2012 L 310, lch. 36).
(3) IO 2012 L 136, lch. 1.
(4) Rialachán (AE) Uimh. 536/2013 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 lena mbunaítear liosta de mhaímh shláinte atá ceadaithe a dhéantar maidir le bianna, seachas na bianna a thagraíonn do bhaol galar a laghdú agus d'fhorbairt agus do shláinte leanaí (IO 2013 L 160, lch. 4).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 27 Meitheamh 2023 – Rzecznik Finansowy v Bank AG S.A, M.S., A.K.**

**(Cás C-390/23, Rzecznik Finansowy)**

(2023/C 338/14)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Najwyższy

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Rzecznik Finansowy

*Cosantóir:* Bank AG S.A, M.S., A.K.

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcuirtear cosc leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear dó nach mór do chúirt céime deiridh a shuí, agus í ag éisteacht le hachomharc urghnách (caingean urghnách) i gcoinne breithiúnas críochnaitheach ó ghnáthchúirt, mar fhoirmíocht ina bhfuil duine (breitheamh tuata an Sąd Najwyższy):

(1) nach breitheamh den Sąd Najwyższy é;

(2) arna cheapadh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh:

(a) go díreach ag an reachtas – trí thromlach simplí,

(b) ar bhonn critéar roghnúcháin atá ginearálta do-fhíoraithe,

(c) mar chuid de nós imeachta nach gceadaítear leis athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gceapadh,

(d) ar feadh téarma oifige ceithre bliana;

(3) agus atá in-bhriste ag an reachtas, nach bhfuil faoi réir athbhreithniú breithiúnach?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Helsingin hallinto-oikeus (an Fhionlainn) a taisceadh an 6 Iúil 2023 – Metsä Fibre Oy**

**(Cás C-414/23, Metsä Fibre)**

(2023/C 338/15)

*Teanga an cháis: an Fhionlainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Helsingin hallinto-oikeus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Metsä Fibre Oy

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil forálacha Airteagail 70 agus 40 de Rialachán Uimh. 389/2013 ([1]) ón gCoimisiún maidir le Clárlann, forálacha a bhaineann leis na teorainneacha ama chun idirbhearta a aisiompú agus cineál críochnaitheach agus do-chúlghairthe idirbheart, neamhbhailí i bhfianaise an chirt chun maoine faoi Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus cearta eile a chosnaítear faoin gCairt, a mhéid a chuirtear cosc leis na forálacha sin ar lamháltas a athaistriú chuig Metsä Fibre Oy i gcás ina raibh tabhairt suas lamháltas iomarcach chuig Clárlann an Aontais bunaithe ar chur i bhfeidhm forálacha a cinneadh go raibh siad neamhbhailí sa bhreithiúnas in *Schaefer Kalk* ([2]), agus nach féidir leis an ngnóthas sin úsáid a bhaint as figiúr deimhneach an dea-stádais comhlíonta, mar gheall ar an leibhéal íseal astaíochtaí ó shuiteáil Äänekoski?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1, an bhfuil feidhm ag forálacha Airteagail 70 agus 40 den Rialachán ón gCoimisiún maidir le Clárlann i gcás inar bunaíodh tabhairt suas lamháltas iomarcach do Chlárlann an Aontais ar chur i bhfeidhm na bhforálacha a cinneadh sa bhreithiúnas in *Schaefer Kalk* go raibh siad neamhbhailí, agus ní ar idirbheart a thionscain sealbhóir cuntais nó riarthóir náisiúnta ag gníomhú ar son an tsealbhóra cuntais nó an riarthóra náisiúnta go neamhbheartaithe nó trí earráid?

3. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1 agus freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 2, an bhfuil aon bhealach eile faoi dhlí an Aontais chun Metsä Fibre Oy a chur sa riocht sin, maidir le húsáid na lamháltas, ina mbeadh sé murarbh ann do na forálacha a cinneadh sa bhreithiúnas in *Schaefer Kalk* a bheith neamhbhailí agus mura mbeadh na lamháltais iomarcacha tugtha suas ag an ngnóthas mar sin?

([1]) Rialachán (AE) nº 389/2013 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2013 lena mbunaítear Clárlann an Aontais i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí Uimh. 280/2004/CE agus Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 920/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1193/2011 ón gCoimisiún (IO 2013 L 122).

([2]) Breithiúnas an 19 Eanáir 2017, *Schaefer Kalk* (C-460/15, EU:C:2017:29).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret (an Danmhairg) a taisceadh an 6 Iúil 2023 — Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge XM, ZQ, FZ, DL, WS, JI, PB, VT, YB, TJ, RK v MV, EH, LI, AQ, LO, Social-, Bolig- og Ældreministeriet**

**(Cás C-417/23, Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge)**

(2023/C 338/16)

*Teanga an cháis: an Danmhairgis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Østre Landsret

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge XM, ZQ, FZ, DL, WS, JI, PB, VT, YB, TJ, RK

*Cosantóirí:* MV, EH, LI, AQ, LO, Social-, Bolig- og Ældreministeriet

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gá an téarma 'tionscnamh eitneach' in Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43 ([1]) a léiriú mar théarma a chiallaíonn, in imthosca amhail na cinn sa chás seo — i gcás, faoi Dhlí na Danmhairge maidir le tithíocht shóisialta, nach mór laghdú a bheith ann ar chion na tithíochta teaghlaigh shóisialta i 'limistéir chlaochlaithe', agus i gcás inar coinníoll é le haghaidh catagóiriú mar limistéar claochlaithe gur 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha neamh-Iarthair' iad níos mó ná 50 % de na cónaitheoirí i limistéar tithíochta — a chumhdaíonn grúpa daoine a shainmhínítear mar 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad'?

2. I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist go hiomlán nó go páirteach, an gá Airteagal 2(2)(a) agus (b) a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn gurb ionann an scéim a bhfuil tuairisc uirthi sa chás seo agus idirdhealú díreach nó indíreach?

([1]) Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO 2000, L 180, lch. 22).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Tribunale di Bologna (an Iodáil) a taisceadh an 21 Iúil 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne OB**

**(Cás C-460/23, Kinshasa** ([1]))

(2023/C 338/17)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale di Bologna

**Páirtí sna príomhimeachtaí**

OB

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le Cairt um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 52(1) d, arna léamh i gcomhar leis an gceart chun saoirse agus an ceart chun maoine dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 17 di agus na cearta chun beatha agus sláine choirp dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 di, an ceart chun tearmainn dá dtagraítear Airteagal 18 di agus meas ar shaol an teaghlaigh dá dtagraítear Airteagal 7 di, ar fhorálacha Threoir 2002/90/CE ([2]) agus Chinneadh Réime 2002/946/CGB ([3]) (arna cur chun feidhme i ndlí na hIodáile leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 12 de Fhoraithne Reachtach Uimh. 286 ([4])), a mhéid a fhorchuirtear ar na Ballstáit pionóis coiriúil a fhoráil maidir le haon duine a éascaíonn d'aon ghnó gníomhartha, nó a ghlacann páirt iontu d'aon ghnó, atá beartaithe chun iontráil neamhúdaraithe náisiúnach eachtrach ar chríoch an Aontais a éascú, fiú i gcás ina ndéantar an t-iompar ar bhonn neamhbhrabúis, gan foráil a dhéanamh, ag an am céanna, d'oibleagáid ar Bhallstáit iompar lena n-éascaítear iontráil neamhúdaraithe atá dírithe ar chúnamh daonnúil a sholáthar don náisiúnach eachtrach a eisiamh ó choiriúlú?

2) An gcuirtear cosc le Cairt um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 52(1) di, arna léamh i gcomhar leis an gceart chun saoirse agus an ceart chun maoine dá dtagraítear in Airteagal 6 agus Airteagal 17 di agus na cearta chun beatha agus sláine choirp dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 di, an ceart chun tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 18 di agus meas ar shaol an teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 7 di, ar na forálacha maidir le cion coiriúil a leagtar síos in Airteagal 12 de Fhoraithne Reachtach Uimh. 286, a mhéid a ghearrtar pionós ar iompar duine a dhéanann gníomhartha atá beartaithe chun iontráil neamhúdaraithe náisiúnach eachtrach ar chríoch an Aontais a éascú, fiú i gcás ina ndéantar an t-iompar ar bhonn neamhbhrabúis, gan foráil a dhéanamh, ag an am céanna, maidir le hiompar lena n-éascaítear iontráil neamhúdaraithe atá dírithe ar chúnamh daonnúil a sholáthar do náisiúnach eachtrach a eisiamh ó choiriúlú?

([1]) Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.
([2]) Treoir ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainítear éascú teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithe (IO 2002 L 328, lch. 17).
([3]) Cinneadh Réime ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar theacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithe (IO 2002 L 328, lch. 1).
([4]) Foraithne Reachtach Uimh. 286 an 25 Iúil 1998 (Acht comhdhlúite Forálacha lena rialaítear inimirce agus stádas náisiúnaigh tríú tír).

**Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2023 — Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-505/23)**

(2023/C 338/18)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, Gníomhaire)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus Cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a oibriú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa [1] a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

(1) Sárú ar Airteagal 192(2)(c) CFAE tríd an Treoir ina iomlán a ghlacadh ar bhunús dlíthiúil mícheart (Airteagal 192(1) CFAE)

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí Airteagal 192(2)(c) CFAE toisc nár ghlac siad an Treoir atá faoi chonspóid ar bhonn na forála sin, lena gceanglaítear aontoilíocht laistigh den Chomhairle, cé go ndéanann an Treoir sin difear suntasach do rogha Ballstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

(2) Sárú ar Airteagal 192(2)(a) CFAE trí CTA dá bhforáiltear le Treoir 2023/959 a ghlacadh ar bhunús dlíthiúil mícheart (Airteagal 192(1) CFAE), cé go bhfuil bearta de chineál fioscach go príomha sa chóras sin.

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí Airteagal 192(2)(a) CFAE sa mhéid is gur ghlac siad forálacha na Treorach a bhaineann leis an CTA le haghaidh tógála agus iompar de bhóthar ar bhonn Airteagal 192(1) CFAE, cé go n-áirítear sa chóras sin bearta de chineál fioscach go príomha, agus sa mhéid is gur cheart go mbeadh glacadh an chórais sin bunaithe ar Airteagal 192(2)(a) CFAE, lena n-éilítear aontoilíocht sa Chomhairle.

(3) Sárú ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 194(1)(b) CFAE trí chuspóir an leasaithe i dTreoir 2003/87 agus a raon feidhme a leathnú d'ainneoin nár cuireadh san áireamh leasanna na mBallstát (lena n-áirítear an Pholainn) agus an chothromaíocht idir iad agus leasanna an Aontais Eorpaigh.

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí Airteagal 194(1)(b) CFAE sa mhéid is gur ghlac siad an Treoir atá faoi chonspóid d'ainneoin nár cuireadh san áireamh leasanna na mBallstát (lena n-áirítear an Pholainn) agus an chothromaíocht idir iad agus leasanna an Aontais Eorpaigh.

(4) Sárú ar phrionsabal na coimhdeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3) CAE trí CTA a ghlacadh le haghaidh tógála agus iompar de bhóthar cé go bhfuil córas coibhéiseach i bhfeidhm san Aontas Eorpach lena gcuirtear ar chumas na mBallstát cuspóirí na Treorach sin a bhaint amach ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil go leibhéal níos airde ná an leibhéal a ráthaítear le Treoir 2023/959.

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí prionsabal na coimhdeachta ós rud é go bhfuil córas dlí i bhfeidhm cheana féin san Aontas trínar féidir na cuspóirí sonraithe do CTA maidir le tógáil agus iompar de bhóthar a bhaint amach. Ó glacadh an Treoir atá faoi chonspóid, tá dhá chóras iomaíocha ann anois, an córas atá ann faoi láthair chun spriocanna CTA a bhaint amach maidir le tógáil agus iompar de bhóthar ar an leibhéal áitiúil go leibhéal níos airde ná leibhéal an Aontais.

(5) Sárú ar phrionsabal na comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 5(4) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 191(2) CAE trí CTA a bhunú le haghaidh tógála agus iompar de bhóthar, rud nach bhfuil gá leis agus a bhfuil costais ag baint leis atá díréireach leis na cuspóirí atá á saothrú.

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí prionsabal na comhréireachta sa mhéid go dtéann an Treoir atá faoi chonspóid thar a bhfuil riachtanach chun a cuspóirí a bhaint amach agus, ina theannta sin, go mbaineann costais léi atá díréireach leis na cuspóirí atá á saothrú.

(6) Sárú ar phrionsabal na córa comhionainne (toirmeasc ar idirdhealú) trí eisiamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht leithdháileadh lamháltas in aisce a úsáid chun críche astaíochtaí ó oibreoirí suiteálacha in earnálacha eile faoi CTA a ríomh le haghaidh tógála agus iompar de bhóthar.

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí prionsabal na córa comhionainne sa mhéid is go ndearnadh idirdhealú sa Treoir atá faoi chonspóid in aghaidh oibreoirí suiteálacha in earnálacha eile i gcomparáid le hoibreoirí suiteálacha sna hearnálacha ar a dtugtar CTA, tríd an gceart chun leithdháileadh in aisce ar lamháltas astaíochtaí a chur as an áireamh chun críche astaíochtaí a ríomh sna hearnálacha eile, mar a thugtar orthu.

(7) Sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) CAE trí neamhaird a thabhairt, le linn an nós imeachta reachtach, ar fhorchoimeádais na Polainne.

Dar leis an bPolainn, sháraigh na hinstitiúidí is cosantóirí prionsabal an chomhair dhílis sa mhéid is go ndearna siad neamhaird, le linn an nós imeachta reachtach, ar na forchoimeádais a chuir an Pholainn in iúl maidir leis na hiarmhairtí sóisialta agus dlíthiúla a bhaineann le glacadh na Treorach agus a mhéid a ghlac siad an Treoir sin gan aird chuí a thabhairt ar na forchoimeádais a cuireadh in iúl.

---

([1]) IO 2023 L 130, lch. 134.

---

**Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2023 — Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-512/23)**

(2023/C 338/19)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaithe: B. Majczyna, Gníomhaire)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

— Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ([1]) a chur ar neamhní ina iomláine.

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I gcoinne Rialachán (AE) 2023/956 atá faoi chonspóid, líomhnaíonn an Pholainn gur sáraíodh pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 192(2) CFAE a mhéid atá an Rialachán sin bunaithe go mícheart ar Airteagal 192(1) CFAE, cé gur forálacha de chineál fioscach go príomha iad na bearta dá bhforáiltear ann, lena mbunaítear Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha ('SCCT').

Leis an Rialachán atá faoi chonspóid, leagtar síos rialacha cánachais, agus ar aon chuma, forálacha cánach. Go deimhin, is forálacha fioscacha den chuid is mó iad cuspóir agus cineál na bhforálacha lena dtugtar isteach SCCF. Bunaítear muirear poiblí nua le forálacha an Rialacháin atá á chonspóid agus sainítear na coinníollacha go léir chun é a bhailiú. Tá tosaíocht ag feidhm chánach SCCF ar a fheidhm chomhshaoil. Ina theannta sin, murab ionann agus Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), ní beart margadhbhunaithe é sásra SCCF agus, dá bhrí sin, ní chomhlíontar na coinníollacha a forbraíodh i gcásdlí na Cúirte, ar dá réir nach féidir beart atá mar chuid de chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a mheas mar bheart fioscach.

(1) IO 2023 L 130, lch. 52.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Lúnasa 2023 – An Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile**

**(Cás C-519/23)**

(2023/C 338/20)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B.-R. Killmann, D. Recchia, Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na hIodáile

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a dhearbhú gur mhainnigh Poblacht na hIodáile na hoibleagáidí a fhorchuirtear le hAirteagal 45 CFAE a chomhlíonadh trí mhainneachtain gairmeacha na n-iarchúntóirí a athchruthú d'fhonn an chóir eacnamaíoch a bhí dlite dóibh agus íocaíocht chomhfhreagrach na riaráistí a ráthú;

— a ordú do Phoblacht na hIodáile na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Áitíonn an Coimisiún nár chuir Poblacht na hIodáile Airteagal 45 CFAE i bhfeidhm i gceart maidir le foireann ollscoile a athchruthú, agus a d'earcaigh roinnt ollscoileanna Stáit san Iodáil roimhe sin mar 'chúntóirí'.

Meabhraíonn an Coimisiún go raibh deis ag an gCúirt cheana cinneadh a thabhairt ar chás iarchúntóirí, a bhí fostaithe ag sé ollscoil Stáit san Iodáil ag an am sin. Ina breithiúnas i gCás 212/99 (1), chinn an Chúirt go gcuirtear cosc le prionsabal na córa comhionainne, ar léiriú é Airteagal 45 CFAE de, ní hamháin ar idirdhealú follasach ar fhorais náisiúntachta, ach freisin ar gach cineál idirdhealaithe ceilte a mbíonn an toradh céanna mar thoradh air (2), agus gur ligeadh leis an gcreat dlíthiúil a bhí i bhfeidhm ag an am sin do shé ollscoil Iodálacha cleachtais idirdhealaitheacha riaracháin agus conarthacha a ghlacadh trí mhainneachtain aitheantas a thabhairt d'athchruthú gairme d'iarchúntóirí, lenar ráthaíodh na cearta céanna a fuarthas agus a bhí ag oibrithe náisiúnta (lena n-áirítear méaduithe tuarastail, sinsearacht agus íocaíocht ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó dháta a gcéad earcaíochta). (3)

Ina breithiúnas i gCás C 119/04 (4), scrúdaigh an Chúirt éabhlóid chreat dlíthiúil na hIodáile a raibh decreto-legge 14 gennaio 2004, n. 2 – Disposizioni urgenti relative al trattamento economico dei collaboratori linguistici presso talune università ed in materia di titoli equipollenti (5) (Dlí Foraithne Uimh. 2 an 14 Eanáir 2004 mar thoradh air – Forálacha práinneacha maidir le cóir eacnamaíoch comhlaigh teangacha in ollscoileanna áirithe agus maidir le cáilíochtaí coibhéiseacha). Chinn an Chúirt gur cuireadh leis an gcreat dlíthiúil sin, nach raibh mícheart, ar chumas na n-ollscoileanna lena mbaineann gairmeacha iarchúntóirí a athchruthú. (6)

D'ainneoin an Dlí Foraithne thuasluaite agus in ainneoin na leithdháiltí bliantúla de níos mó ná EUR 8 milliún ó 2017 i leith a bheidh le leithdháileadh ar ollscoileanna a fhostaíonn nó a bhfuil iarchúntóirí fostaithe acu (cistí atá faoi réir conarthaí forlíontacha a thabhairt i gcrích ar dtús, ach atá neamhspleách faoi láthair ar an ngá sin), tá go leor iarchúntóirí nach bhfuil athchruthú gairme cuí faighte fós acu. Dá bhrí sin, dar leis an gCoimisiún, leanann staid idirdhealaithe a thoirmisctear le hAirteagal 45 CFAE ar aghaidh i gcás na n- iarchúntóirí sin.

---

(1) Breithiúnas an 26 Meitheamh 2001, an *Coimisiún* v *an Iodáil*, C-212/99, EU:C:2001:357.

(2) Breithiúnas an 26 Meitheamh 2001, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-212/99, EU:C:2001:357, mír 24.

(3) Breithiúnas an 26 Meitheamh 2001, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-212/99, EU:C:2001:357, míreanna 30 et seq.

(4) Breithiúnas an 18 Iúil 2006, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-119/04, EU:C:2006:489.

(5) GURI Uimh. 11 an 15 Eanáir 2004. Tiontaíodh Dlí-Fhoraithne 2/2004 le leasuithe i nDlí Uimh. 36 an 5 Márta 2004 (GURI Uimh. 60 an 12 Márta 2004).

(6) Breithiúnas an 18 Iúil 2006, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-119/04, EU:C:2006:489, míreanna 38 agus 39.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – SMA Mineral v an Coimisiún**

**(Cás T-215/21)** ([1])

***(Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Córas maidir le lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa a thrádáil – Leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Saoráid ina úsáidtear táirge idirmheánach ar a ndírítear le tagarmharc táirge – Diúltú do shonraí a bhaineann le leithdháileadh saor in aisce lamháltas maidir leis an tsaoráid sin – Earráidí follasacha measúnaithe)***

(2023/C 338/21)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SMA Mineral AB (Filipstad, an tSualainn) (ionadaí: E. Larsson, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Wils, B. De Meester agus P. Carlin, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Airteagal 1(2) de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2021 L 68, lch. 221) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

([1]) IO C 297, 26.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Luossavaara-Kiirunavaara v an Coimisiúin**

**(Cás T-244/21)** ([1])

***(Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Scéim maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Saor-leithdháileadh idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Suiteálacha a tháirgeann táirge nach gcumhdaítear le tagarmharc táirge – Gan aon inionadaitheacht dhíreach idir táirgí – Diúltú do na sonraí a bhaineann le lamháltais a leithdháileadh saor in aisce do na suiteálacha sin – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráidí follasacha measúnaithe – Cóir chomhionann – Dualgas cúraim – Oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh – Pléadáil neamhdhleathachta)***

(2023/C 338/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Luossavaara Kiirunavaara AB (Luleå, an tSualainn) (ionadaithe: A. Bryngelsson, F. Sjövall agus A. Johansson, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Wils agus B. De Meester, Gníomhairí)

*Idiragraí chun tacú leis an iarratasóir:* Ríocht na Sualainne (ionadaithe: O. Simonsson, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, M. Salborn Hodgson, H. Shev, H. Eklinder agus R. Shahsavan Eriksson, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Airteagal 1(3) de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aise idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Airteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2021 L 68, lch. 221) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Luossavaara-Kiirunavaara AB a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

3. Ordaítear do Ríocht na Sualainne a costais féin a íoc.

---

([1]) IO C 289, 19.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Arctic Paper Grycksbo v an Coimisiún**

**(Cás T-269/21)** ([1])

***(Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Scéim um lamhháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil – Bearta cur chun feidhme náisiúnta – Leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Cinneadh saoráid a úsáideann bithmhais amháin a eisiamh – Dícheall cuí – Ceart éisteacht a fháil – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach measúnaithe – Cóir chomhionann – Ionchas dlisteanach – Pléadáil neamhdhleathachta – Pointe 1 d'Iarscríbhinn I de Threoir 2003/87)***

(2023/C 338/23)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Arctic Paper Grycksbo AB (Grycksbo, an tSualainn) (ionadaithe: A. Bryngelsson, A. Johansson agus F. Sjövall, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Wils, B. De Meester agus P. Carlin, Gníomhairí)

*Idiragraithe, ag tacú leis an gcosantóir:* an Pharlaimint Eorpach (ionadaithe: C. Ionescu Dima, W. Kuzmienko agus P. Biström, Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Norberg agus J. Himmanen, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Airteagal 1(1), agus Iarscríbhinn 1 de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2021 L 68, lch. 221) ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Íocfaidh gach páirtí a chostais féin.

---

([1]) IO C 297, 26.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Schneider v EUIPO – Frutaria Innovation (frutania)**

**(Cás T-109/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmhrac fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'frutania' – Trádmharc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'Frutaria' – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 338/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Markus Schneider (Bonn, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Bergermann agus D. Graetsch, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: D. Gája agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte:* Frutaria Innovation, SL, roimhe seo Frutaria Comercial de Frutas y Hortalizas, SL (Zaragoza, an Spáinn) (ionadaithe J. Learte Álvarez agus C. Anadón Giménez, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 17 Nollaig 2021 (Cás R 1058/2017-1) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do M. Markus Schneider na costais a íoc.

---

([1]) IO C 158, 11.4.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Pshonka v an Comhairle**

**(Cás T-243/22)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise na staide san Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur glacadh cinneadh údaráis tríú Stát i gcomhréir le cearta na cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil)***

(2023/C 338/25)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Artem Viktorovych Pshonka (Kramatorsk, an Úcráin) (ionadaí: M. Mleziva, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Vobořil, R. Pekař agus A. Boggio-Tomasaz, Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an Cinneadh (CBES) 2022/376 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO 2022 L 70, lch. 7), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/375 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO 2022 L 70, lch. 1) ar neamhní, a mhéid a ndéantar a ainm a choinneáil, leis na bearta sin, ar liosta na ndaoine, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha sin maidir leo.

## An chuid oibríochtúil

1. Déantar Cinneadh (CBES) 2022/376 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/375 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, a chur ar neamhní a mhéid a coinníodh ainm Artem Viktorovych Pshonka ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta sin maidir leo.

2. Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

---

([1]) IO C 244, 27.6.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Pshonka v an Comhairle**

**(Cás T-244/22)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise na staide san Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur glacadh cinneadh údaráis tríú Stát i gcomhréir le cearta na cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil)***

(2023/C 338/26)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Viktor Pavlovych Pshonka (Kiev, an Úcráin) (ionadaí: M. Mleziva, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Pekař agus A. Boggio-Tomasaz, Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an Cinneadh (CBES) 2022/376 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO 2022 L 70, lch. 7), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/375 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO 2022 L 70, lch. 1) ar neamhní, a mhéid a ndéantar a ainm a choinneáil, leis na bearta sin, ar liosta na ndaoine, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha sin maidir leo.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar Cinneadh (CBES) 2022/376 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/375 ón gComhairle an 3 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, a chur ar neamhní a mhéid a coinníodh ainm Viktor Pavlovych Pshonka ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta sin maidir leo.

2. Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

---

([1]) IO C 244, 27.6.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Yayla Türk v EUIPO – Marmara Import-Export (Sütat)**

**(Cás T-315/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'Sütat' – Dearbhfhoras neamhbhailíochta – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – An ceart chun éisteacht a fháil)***

(2023/C 338/27)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Yayla Türk Lebensmittelvertrieb GmbH (Krefeld, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. Bühling agus D. Graetsch, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: E. Markakis, Gníomahire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Marmara Iompórtáil Easpórtáil GmbH (Ratingen, an Ghearmáin) (ionadaí: T. Moll, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 2 Márta 2022 (Cás R 1184/2021 5) a chur ar neamhní agus a athrú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Yayla Türk Lebensmittelvertrieb GmbH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 276, 18.7.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Topas v EUIPO – Tarczyński (VEGE STORY)**

**(Cás T-434/22)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'VEGE STORY' – Focalmharc níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'veggie' – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 338/28)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Topas GmbH (Mössingen, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Hofmann agus W. Göpfert, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Tarczyński S.A. (Trzebnica, an Pholainn) (ionadaí: E. Gryc-Zerych, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Bealtaine 2022 (Cás R 1977/2021-5) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Topas GmbH a chostais féin agus iad siúd a thabhaigh Tarczyński NV a íoc.

3. Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin a íoc.

[1] IO C 326, 29.8.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Mood Media Netherlands v EUIPO – Tailoradio (RADIO MOOD In-store Radio, made easy)**

**(Cás T-663/22)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'RADIO MOOD In-store Radio, made easy' – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh roimhe seo 'MOOD:MIX' – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [anois Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001])***

(2023/C 338/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Mood Media Netherlands BV (Narde, an Ísiltír) (ionadaí: A.-M. Pecoraro, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Tailoradio Srl (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: A. Sobol agus S. Bernardini, Dlíodóirí)

## Ábhar

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Lúnasa 2022 (Cás R 1853/2018-5) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Mood Media Netherlands BV, anuas ar a chostais féin, na costais arna dtabhú ag Tailoradio Srl le haghaidh na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

3) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin.

(1) IO C 7, 9.1.2023.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Mood Media Netherlands v EUIPO – Tailoradio (VIDEO MOOD Digital Signage, made easy)**

**(Cás T-664/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh VIDEO MOOD Digital Signage, made easy – Trádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe MOOD:MIX – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2023/C 338/30)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Mood Media Netherlands BV (Naarden, an Ísiltír) (ionadaí: A.M. Pecoraro, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, Gníomahire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Tailoradio Srl (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: A. Sobol agus S. Bernardini, Dlíodóirí)

## Ábhar

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Lúnasa 2022 (Cás R 1852/2018-5) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Mood Media Netherlands BV a chostais féin a íoc agus iad siúd a thabhaíonn Tailoradio Srl a íoc chun críocha na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

3) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin a íoc.

(1) IO C 7, 9.1.2023.

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 21 Iúil 2023 – Arysta Lifescience v EFSA**

**(Cás T-222/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta chun formheas substainte gníomhaí a athnuachan – Doiciméid a thagann ó thríú páirtí – Cinneadh rochtain ar dhoiciméid a dheonú do thríú páirtí – Iarratas ar oibriú birt a chur ar fionraí – Coincheap na 'faisnéise a bhaineann le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol' – Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 – Cás prima facie – Práinn – Cothromú leasanna)***

(2023/C 338/31)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Arysta Lifescience (Noguères, An Fhrainc) (ionadaithe: D. Abrahams, Z. Romata, H. Widemann agus R. Spangenberg, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) (ionadaithe: D. Detken, S. Gabbi agus C. Pintado, Gníomhairí, agus ag S. Raes, J. Degrooff, agus E. Kairis, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína chur i bhfeidhm faoi bhun Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, tá an t-iarratasóir ag iarraidh go gcuirfí cinneadh an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) an 17 Feabhra 2023 lena dtugtar fógra dó faoi nochtadh iomlán liosta na gcomhfhoirmlí atá i láthair san fhoirmliú le haghaidh úsáidí ionadaíocha Captan 80 WG a cuireadh isteach i gcomhthéacs athnuachan fhormheas na substainte gníomhaí Captan ar fionraí.

**An chuid oibríochtúil**

1) Oibriú chinneadh an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) an 17 Feabhra 2023 a chur ar fionraí lena dtugtar fógra do Arysta Lifescience maidir le nochtadh iomlán liosta na gcomhfhoirmlí atá i láthair i bhfoirmliú le haghaidh úsáidí ionadaíocha Captan 80 WG a cuireadh isteach i gcomhthéacs athnuachan fhormheas na substainte gníomhaí Captan.

2) Déantar na costais a fhorchoimeád.

3) Cuirtear ordú an 8 Bealtaine 2023 i leataobh i gCás T-222/23 R Arysta Lifescience v EFSA.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2023 – Neuraxpharm Pharmaceuticals v an Coimisiún**

**(Cás T-226/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Neuraxpharm Pharmaceuticals, SL (Barcelona, an Spáinn) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese, J. Stuyck, M. Van Nieuwenborgh agus C. Dumont, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu agus C. Valero, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar fionraí oibriú chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh sa litir uaidh an 17 Márta 2023, trína gcuireann an Coimisiún de cheangal air an tréimhse chosanta don táirge íocshláinte tagartha Tecfidera – Fúmaráit dé-mheitil a chur ar an margadh a mhéid a bhaineann leis an táirge íocshláinte Neuraxpharm – Fúmaráit dé-mheitil ('DMF Neuraxpharm') a chur ar an margadh agus gealltanais i scríbhinn a thabhairt ina leith sin agus aon chinneadh nó gníomh ina dhiaidh sin lena gcuirtear síneadh nó lena gcuirtear in ionad an gníomh atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann siad leo, agus, ar an dara dul síos, urghaire lena gceanglaítear ar an gCoimisiún staonadh ó aon bhearta eile a dhéanamh arb ionann é agus an t-údarú margaíochta atá aige a tharraingt siar nó toirmeasc ar DMF Neuraxpharm a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2. Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2023 – Mylan Ireland v an Coimisiún**

**(Cás T-227/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Mylan Ireland Ltd (Baile Átha Cliath, Éire) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese, J. Stuyck, M. Van Nieuwenborgh agus C. Dumont, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu agus C. Valero, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar fionraí oibriú chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh sa litir uaidh an 17 Márta 2023, trína gcuireann an Coimisiún de cheangal air an tréimhse chosanta don táirge íocshláinte tagartha Tecfidera – Fúmaráit dé-mheitil a chur ar an margadh maidir leis an táirge íocshláinte Mylan – Fúmaráit dé-mheitil ('DMF Mylan') a chur ar an margadh agus gealltanais i scríbhinn a thabhairt ina leith sin agus aon chinneadh nó gníomh ina dhiaidh sin lena gcuirtear síneadh nó lena gcuirtear in ionad an gníomh atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann siad leis, agus, ar an dara dul síos, urghaire lena gceanglaítear ar an gCoimisiún staonadh ó aon bhearta eile a dhéanamh arb ionann é agus an t-údarú margaíochta atá aige a tharraingt siar nó toirmeasc a chur ar DMF Mylan a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2. Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2023 – Zaklady Farmaceutyczne Polpharma v an Coimisiún**

**(Cás T-228/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Zaklady Farmaceutyczne Polpharma S.A. (Starogard Gdański, an Pholainn) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese, J. Stuyck, M. Van Nieuwenborgh agus C. Dumont, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu agus C. Valero, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar fionraí oibriú chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh sa litir uaidh an 17 Márta 2023, trína gcuireann an Coimisiún de cheangal air an tréimhse chosanta don táirge íocshláinte tagartha Tecfidera – Fúmaráit dé-mheitil a chur ar an margadh a mhéid a bhaineann leis an táirge íocshláinte Polpharma – Fúmaráit dé-mheitil ('DMF Polpharma') a chur ar an margadh agus gealltanais i scríbhinn a thabhairt ina leith sin agus aon chinneadh nó gníomh ina dhiaidh sin lena gcuirtear síneadh nó lena gcuirtear in ionad an gníomh atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann siad leis, agus, ar an dara dul síos, urghaire lena gceanglaítear ar an gCoimisiún staonadh ó aon bhearta eile a dhéanamh arb ionann é agus an t-údarú margaíochta atá aige a tharraingt siar nó toirmeasc a chur ar DMF Polpharma a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2. Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Mylan Ireland v an Coimisiún**

**(Cás T-256/23 R)**

***(Faoiseamh eatramhach – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/35)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Mylan Ireland Ltd (Baile Átha Cliath, Éire) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese, J. Stuyck agus C. Dumont, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu, L. Haasbeek agus M. A. Spina, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena iarratas atá bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfear feidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 3067 final ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2014) 601 final ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014 lena ndeonaítear údarú margaíochta ('UM') don táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine Tecfidera – fúmaráit dé-mheitil de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO 2004 L 136, lch. 1), arna leasú ar fionraí, mar aon le haon chinneadh nó aon ghníomh roimhe sin lena gcuirtear síneadh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid nó a thagann ina áit, a mhéid a bhaineann siad leis agus, ar an dara dul síos, lorgaíonn sé urghaire lena gceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach staonadh ó aon bheart eile a ghlacadh arbh ionann é agus an UM a bhaineann sé leas as a aistarraingt nó toirmeasc ar tháirgí cineálacha Fúmaráit dé-mheitil a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Níl gá le breith a thabhairt ar an iarratas ar idiragairt arna dhéanamh ag Biogen Netherlands BV a thuilleadh, ná ar iarraidh ar rúndacht Mylan Ireland Ltd.

3) Forchoimeádtar na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha.

4) Íocfaidh gach páirtí a chostais féin a bhaineann le hiarratas Biogen Netherlands ar idiragairt.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Neuraxpharm Pharmaceuticals v an Coimisiún**

**(Cás T-257/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Neuraxpharm Pharmaceuticals, SL (Barcelona, an Spáinn) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese, J. Stuyck agus C. Dumont, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu, L. Haasbeek agus A. Spina, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chur i bhfeidhm faoi bhun Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, le hoibriú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 3067 final ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2014) 601 final ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014 lena ndeonaítear údarú margaíochta ('AMM') don táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine Tecfidera – Fúmaráit démheitile faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 31 Márta 2004, lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO 2004 L 136, lch. 1), arna leasú, chomh maith le haon chinneadh nó gníomh eile ina dhiaidh sin lena ndéantar an cinneadh atá faoi chonspóid a leathnú nó a ionadú, a mhéid a bhaineann siad leis agus, ar an dara dul síos, urghaire don Choimisiún Eorpach staonadh ó aon bheart eile a dhéanamh arbh ionann é agus tarraingt siar an údaraithe margaíochta as a dtéann sé chun tairbhe dó nó toirmeasc ar tháirgí cineálacha Fúmaráit démheitile a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Dearbhaítear nach gá a thuilleadh breithniú a dhéanamh ar iarratas Biogen Netherlands BV ar idiragairt agus ar iarratas Neuraxpharm Pharmaceuticals, SL ar chóireáil rúnda.

3) Déantar na costais a bhaineann leis na himeachtaí le haghaidh bearta eatramhacha a fhorchoimeád.

4) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a bhaineann leis an iarratas ar idiragairt arna chur isteach ag Biogen Netherlands a íoc.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Zaklady Farmaceutyczne Polpharma v an Coimisiún**

**(Cás T-258/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/37)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Zaklady Farmaceutyczne Polpharma S.A. (Starogard Gdański, an Pholainn) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese, J. Stuyck agus C. Dumont, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu, L. Haasbeek agus A. Spina, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar fionraí oibriú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 3067 final ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023, lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2014) 601 final ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014 lena ndeonaítear údarú margaíochta ('Údarú Margaíochta') don táirge íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Tecfidera – Fúmaráit dé-mheitil faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach 2004 (IO 2004, L 136, lch. 1), arna leasú, agus aon chinneadh nó gníomh ina dhiaidh sin lena gcuirtear síneadh nó lena gcuirtear in ionad an cinneadh atá faoi chonspóid a mhéid a bhaineann siad leis, agus, ar an dara dul síos, urghaire lena gceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach staonadh ó aon bhearta eile a dhéanamh arb ionann é agus an t-údarú margaíochta atá aige a tharraingt siar nó toirmeasc a chur ar tháirgí cineálacha d'fhúmaráit dé-mheitil a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2. Ní gá a thuilleadh rialú a thabhairt ar na hiarratais ar idiragairt a chuir Biogen Netherlands BV agus Biogaran SAS isteach ná ar na hiarratais ar chóireáil rúnda a chuir Zaklady Farmaceutyczne Polpharma S.A. isteach.

3. Forchoimeádtar na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha.

4. Ordaítear do gach páirtí a chostais féin, i ndáil leis na hiarratais ar idiragairt a chuir Biogen Netherlands agus Biogaran isteach, a íoc.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Iúil 2023 – Zentiva agus Zentiva Pharma v an Coimisiún**

**(Cás T-278/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Údarú margaíochta – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Iarratas ar urghaire – Easpa práinne)***

(2023/C 338/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Zentiva k.s. (Prág, Poblacht na Seice), Zentiva Pharma GmbH (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: K. Roox, T. De Meese agus J. Stuyck, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Mathieu, L. Haasbeek agus A. Spina, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar fionraí oibriú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 3067 final ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2014) 601 final ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014 lena ndeonaítear údarú margaíochta ('Údarú Margaíochta') don táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine Tecfidera – Fúmaráit dé-mheitil faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO 2004 L 136, lch. 1) arna leasú, agus aon chinneadh nó gníomh ina dhiaidh sin lena leathnaítear nó lena n-ionadaítear an cinneadh atá faoi chonspóid a mhéid a bhaineann siad leo, agus, ar an dara dul síos, urghaire lena gceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach staonadh ó aon bhearta eile a dhéanamh arb ionann é agus an t-údarú margaíochta a tharraingt siar nó toirmeasc ar tháirgí cineálacha d'fjhúmaráit dé-mheitil a chur ar an margadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2. Ní gá a thuilleadh rialú a thabhairt ar an iarratas ar idiragairt a chuir Biogen Netherlands BV isteach ná ar an iarratas ar chóireáil rúnda a chuir Zentiva k.s. agus Zentiva Pharma GmbH isteach.

3. Forchoimeádtar na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha.

4. Ordaítear do gach páirtí a chostais féin, i ndáil leis an iarratas ar idiragairt a chuir Biogen Netherlands isteach, a íoc.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – OT v an Chomhairle**

**(Cás T-286/23 R)**

***(Nós imeachta eatramhach – Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad – Cistí a chalcadh – Iarraidh ar bhearta eatramhacha – Easpa práinne)***

(2023/C 338/39)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OT (ionadaithe: J.-P. Hordies, C. Sand agus P. Blanchetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M.-C. Cadilhac, V. Piessevaux agus A. Boggio Tomasaz, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína iarratas faoi bhun Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, tá an t-iarratasóir ag iarraidh go gcuirfí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/571 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. No 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus Cinneadh (CBES) 2023/572 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2023 L 75 I, lch. 134), a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis ar fionraí oibriú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Déantar na costais a fhorchoimeád.

---

**Caingean arna tabhairt an 26 Meitheamh 2023 –Kargins v an Coimisiún**

**(Cás T-350/23)**

(2023/C 338/40)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Rems Kargins (Riga, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an cosantóir faoi dhliteanas i leith an damáiste a rinneadh don iarratasóir mar thoradh ar chur isteach an chosantóra ar imeachtaí breithiúnacha náisiúnta;

— a ordú don chosantóir cúiteamh a thabhairt don iarratasóir sa damáiste sin;

— a chinneadh go bhfuil sa damáiste ábhartha ar a laghad EUR 15 028 841,93 móide ús 12 % in aghaidh na bliana iníoctha ón 23 Meitheamh 2016 go dtí go n-íocfar go hiomlán é; agus

— a ordú don chosantóir costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí lena n-áirítear saincheist neamhdhleathachta.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún sárú sách tromchúiseach ar an smacht reachta atá ceaptha chun cearta a thabhairt do dhaoine aonair.

   — Líomhnaítear go ndearna an Coimisiún idirghabháil in imeachtaí ar leibhéal náisiúnta gan gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle. [1] Sáraíodh Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ar na cúiseanna seo a leanas: Theip ar an gCoimisiún gníomhú ar a thionscnamh féin. Ina ionad sin, ghníomhaigh sí ar iarraidh ó pháirtí sna himeachtaí agus tar éis plé a dhéanamh leis an bpáirtí sin, chomh maith leis an mBallstát ábhartha. Theip ar an gCoimisiún a bheith neamhchlaonta agus seasamh oibiachtúil neodrach a choinneáil ar bun. Níor ghníomhaigh an Coimisiún chun cur i bhfeidhm comhleanúnach Airteagal 107(1) nó Airteagal 108 CFAE a áirithiú. Ní dhearna an Coimisiún ach míniú do na cúirteanna náisiúnta an chaoi a mbeadh iarmhairtí diúltacha don Laitvia de dheasca toraidh gan athrú agus ar dhócha go spreagfadh sé gníomhaíocht dhiúltach ón gCoimisiún.

— Ghníomhaigh an Coimisiún gan an bunús dlí cuí mar gheall ar neamhdhleathacht Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle. Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle neamhdhleathach toisc nach bhfuil bunús dlí leordhóthanach aige, toisc go bhfuil sé ar neamhréir le hAirteagal 267 CFAE, toisc go bhfuil sé ar neamhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 108(2) CFAE agus toisc nach bhfuil coimircí substainteacha agus nós imeachta leordhóthanacha ann. I gcás ar bith, tá sé neamhdhleathach má thuigtear go gceadaíonn sé an cineál idirghabhála a tharla sa chás seo.

— Thairis sin, sháraigh an Coimisiún ceart an iarratasóra de bhun Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur bhain damáiste don iarratasóir de EUR 15 028 841,93 móide ús 12 % in aghaidh na bliana a bhí iníoctha ón 23 Meitheamh 2016, is é sin an méid a gheobhadh an t-iarratasóir de bhun orduithe na cúirte náisiúnta mura ndéanfadh an Coimisiún idirghabháil.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go bhfuil nasc cúisíoch idir idirghabháil mhíchuí an Choimisiúin agus gur athraigh na cúirteanna náisiúnta a gcur chuige go bunúsach tar éis don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh tar éis do na cúirteanna náisiúnta cinneadh a dhéanamh dhá uair roimhe sin i bhfabhar an iarratasóra.

---

([1]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (códú) (IO 2015 L 248, lch. 9).

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Iúil 2023 – Raiffeisen Bank International v BRA**

**(Cás T-389/23)**

(2023/C 338/41)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Raiffeisen Bank International AG (Vín, an Ostair) (ionadaí: G. Wilfling, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta,

— an cinneadh ón gcosantóir an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex-ante* le haghaidh 2023 leis an gCiste Réitigh Aonair, SRB/ ES/2023/23, a chur ar neamhní; nó mar mhalairt air sin

— an cinneadh ón gcosantóir an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* le haghaidh 2023 leis an gCiste Réitigh Aonair, SRB/ES/2023/23, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, Raiffeisen Bank International AG; agus

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: Sárú ar Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ([1])

Ní fhéadfadh méid comhiomlán na ranníocaíochtaí aonair ó na hinstitiúidí údaraithe go léir i gcríocha na mBallstát rannpháirteach, arna ríomh ar bhonn bliantúil, i gcríocha na mBallstát rannpháirteach dul thar 12,5 % den spriocleibhéal, in aon bhliain amháin sa tréimhse thosaigh. Dá bhrí sin, sháraigh an cosantóir Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, toisc nár chloígh sé leis an uasteorainn absalóideach sin agus an spriocleibhéal bliantúil á chinneadh.

2. An dara saincheist dlí: Sárú ar Airteagal 69(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

Áitíonn an t-iarratasóir nár socraíodh an spriocleibhéal i gceart. Fiú dá leanfaí dearcadh an chosantóra agus go nglacfaí cur chuige dinimiciúil, ní fhágann an fhoclaíocht sa téacs dlí aon rogha chun na ranníocaíochtaí le haghaidh 2023 a nascadh leis na luachanna le haghaidh 2024, agus le tréimhse lasmuigh den tréimhse thosaigh sin.

3. An tríú saincheist dlí: Sárú ar Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([2]) mar gheall ar mhainneachtain cúiseanna a lua leis an gcinneadh.

Níor comhlíonadh na ceanglais i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([3]) maidir le cúiseanna le gníomhartha dlí aonair a lua sa chinneadh atá faoi chonspóid. Ba chóir ranníocaíochtaí aonair a ríomh i gcomhréir le méid iomlán na ndliteanas lúide taiscí clúdaithe na hinstitiúide i gcomparáid le dliteanas iomlán lúide taiscí clúdaithe na n-institiúidí lena mbaineann. Níl faisnéis mhionsonraithe sa ráiteas ar na cúiseanna maidir le sonraí na n-institiúidí eile ina leith sin.

Maidir leis an iarratasóir, tá sonraí an ríomha bunaithe, go bunúsach, ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir trí theimpléad shonraí BRA. Feiceann sé fós ansin cé mhéad aicme atá ann le haghaidh gach fachtóra agus cén aicme lena mbaineann sé. Ní leor an fhaisnéis sin a thugtar mar fhorais sna cúiseanna leis an gcinneadh chun cruinneas ríomh ranníocaíocht an iarratasóra a chinneadh go beacht.

4. An ceathrú saincheist dlí: Sárú ar Airteagal 47 den Chairt agus ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla toisc nach féidir an cinneadh a athbhreithniú

Ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil sa chinneadh agus sna hiarscríbhinní, ní féidir leis an iarratasóir cruinneas ríomh a ranníocaíochta leis an gCiste Réitigh Aonair a thuiscint. Ní bheadh sin ag luí le prionsabail an smachta reachta ar chor ar bith, ós rud é go bhforchuirtear cáin sna scórtha milliún euro ar an iarratasóir leis an gcinneadh.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1)

([2]) IO 2012 C 326, lch. 391.

([3]) Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA*, C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, fonóta 122.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Lúnasa 2023 – ePlus v EUIPO – Telefónica Germany (E-Plus)**

**(Cás T-462/23)**

(2023/C 338/42)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ePlus Inc. (Herndon, Virginia, na Stáit Aontaithe) (ionadaí: A. Mottet, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Telefónica Germany GmbH & Co. OHG (München, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ‘E-Plus’ – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 17 698 846

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 2 Meitheamh 2023 i gCás R 1463/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú de riachtanas a bhaineann leis na himeachtaí os comhair an Rannáin Cealúcháin agus os comhair an Chéad Bhoird Achomhairc de EUIPO

— a ordú d'aon idiragraí a chostais féin a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Nach raibh measúnú leordhóthanach déanta maidir le fíorúsáid agus na himpleachtaí maidir leis an measúnú i dtaobh meon mímhacánta;

— Go ndearnadh mí-léiriú i leith na fianaise a bhaineann le scor d'úsáid;

— Nár tugadh aird ar scor d'úsáid an dílseánaigh agus na himpleachtaí maidir leis an measúnú i dtaobh meon mímhacánta.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Lúnasa 2023 – ePlus v EUIPO – Telefónica Germany (E-Plus)**

**(Cás T-463/23)**

(2023/C 338/43)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: ePlus Inc. (Herndon, Virginia, na Stáit Aontaithe) (ionadaí: A. Mottet, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Telefónica Germany GmbH & Co. OHG (München, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'E-Plus' – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 17 781 791

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 2 Meitheamh 2023 i gCás R 951/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú de riachtanas a bhaineann leis na himeachtaí os comhair an Rannáin Cealúcháin agus os comhair an Chéad Bhoird Achomhairc de EUIPO;

— a ordú d'aon idiragraí a chostais féin a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Nach raibh measúnú leordhóthanach déanta maidir le fíorúsáid agus na himpleachtaí maidir leis an measúnú i dtaobh meon mímhacánta;

— Go ndearnadh mí-léiriú i leith na fianaise a bhaineann le scor d'úsáid;

— Nár tugadh aird ar scor d'úsáid an dílseánaigh agus na himpleachtaí maidir leis an measúnú i dtaobh meon mímhacánta.

---

**Caingean arna taisceadh an 31 Iúil 2023 – DZ Bank v BRA**

**(Cás T-477/23)**

(2023/C 338/44)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* DZ Bank AG Deutsche Zentral-Genossenschaftsbank, Frankfurt am Main (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta,

— cinneadh comhpháirteach an 6 Aibreán 2023 (RC/JD/2022/22) lena gcinntear an ceanglas íosta le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe a chur ar neamhní;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh dlí de as siocair gur bhain BRA úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú do-ghlactha mar sin toisc nach mbeadh feidhm léi, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh an dlí de;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Bunaítear an chaingean ar na cúig shaincheist dlí seo a leanas:

1. An chéad saincheist dlí: Sáraítear Airteagal 81(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 [1] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 1 [2] leis an gcinneadh, toisc nach bhfuil sé i nGearmáinis, an teanga a roghnaigh an t-iarratasóir.

2. An dara saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh comhpháirteach Airteagal 12d(8) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Airteagal 296(2) CFAE, toisc nach bhfuil cúiseanna cuimsitheacha agus sách mionsonraithe agus sonracha ann.

3. An tríú saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh comhpháirteach an ceathrú fomhír d'Airteagal 12d(3) i gcomhar le hAirteagal 27(7)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, toisc go gcuirtear san áireamh dliteanais ó iasachtaí idirmheánacha spreagtha ceanglais íosta dá chistí féin agus dliteanais incháilithe.

4. An ceathrú saincheist dlí: sáraítear Airteagal 12c(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ós rud é go leagtar síos ann an t-íoschleanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe trí dhliteanais arna maoiniú trí iasachtaí idirmheánacha spreagtha a chur san áireamh agus go bhforáiltear nach mór an ceanglas sin a chomhlíonadh le hionstraimí fofhiachais, a mhéid a méadaíodh é mar gheall ar na dliteanais sin a chur san áireamh trí earráid.

5. An cúigiú saincheist dlí: mar mhalairt air sin, sáraítear dlí níos uachtaraí (Airteagail 16, 17, 20 agus 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh [3])) leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 12d(3), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 27(7)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Airteagal 12c(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ar a laghad a mhéid a cheadaítear leo dliteanais ó iasachtaí idirmheánacha spreagtha a áireamh sna dliteanais iomlána, lena n-áirítear a gcistí dílse agus na ceanglais íosta le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe á gcinneadh.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

[2] Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 1958, 17, lch. 385).

[3] IO 2012 C 326, lch. 391.

**Caingean arna tabhairt an 9 Lúnasa 2023 – Plahotniuc v an Chomhairle**

**(Cás T-480/23)**

(2023/C 338/45)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vladimir Gheorghe Plahotniuc (Chisinau, an Mholdóiv) (ionadaí: J. Pobjoy, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh (CBES) 2023/1047 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú [1], , a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir; agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1045 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena dhéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú [2], a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, a chur ar neamhní, de bhun Airteagal 263 CFAE;

— a ordú don chosantóir costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus á mheas go raibh bunús fíorasach sách láidir ann le cinneadh gur comhlíonadh na critéir chun an t-iarratasóir a liostú in Airteagal 1 den Chinneadh atá faoi chonspóid agus in Airteagal 2 den Rialachán atá faoi chonspóid.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh cearta an iarratasóra faoi Airteagal 6, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus Airteagail 47 agus 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1047 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO 2023 L 140I, lch. 9).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1045 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO 2023 L 140I, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2023 – Banco Credibom v BRA**

**(Cás T-481/23)**

(2023/C 338/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Banco Credibom, SA (Porto Salvo, an Phortaingéil) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh BRA an 2 Bealtaine 2023, Doiciméad Uimh. SRB/ES/2023/23, lena n-áirítear Iarscríbhinní I, II agus III, a mhéid a bhaineann sé le ranníocaíocht *ex-ante* an iarratasóra, a chur ar neamhní;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

— An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh BRA Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ([1]) trí gan an uasteorainn 12,5 % cheangailteach a chur i bhfeidhm ar an spriocleibhéal agus an spriocleibhéal bliantúil á shocrú.

— An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraítear, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ([2]) ón gCoimisiún, na cumhachtaí tarmligthe a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 103(7) de Threoir 2014/59/AE ([3]), prionsabal na córa comhionainne agus prionsabal na ranníocaíochtaí rioscabhunaithe, prionsabal na comhréireachta faoi seach, sa mhéid is nach gceadaítear leis do BRA dliteanais bhreise an iarratasóra a eascraíonn as idirbheart urrúsúcháin a rinneadh in 2021 a eisiamh.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* leis na socruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

([3]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO 2014 L 173, lch. 190).

**Caingean arna tabhairt an 28 Iúil 2023 – Deutsche Kreditbank v BRA**

**(Cás T-483/23)**

(2023/C 338/47)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Deutsche Kreditbank AG (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2023 (SRB/ES/2023/23), mar aon leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid, lena n-áirítear Iarscríbhinní 1, II agus III, le ranníocaíocht an iarratasóra;

— a ordú do BRA costais na n-imeachtaí a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh dlí de as siocair gur bhain BRA úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú do-ghlactha mar sin toisc nach mbeadh feidhm léi, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh an dlí de;

— a ordú do BRA costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh Airteagal 81(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ([1]), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 1 ([2]), toisc nach bhfuil sé i nGearmáinis, arb í an teanga a roghnaigh an t-iarratasóir.

2. An dara saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh an oibleagáid cúiseanna a lua faoin dara mír d’Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 41(1) agus (2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([3]) agus an ceart bunúsach chun cosanta dlí éifeachtaí faoin gcéad mhír d’Airteagal 47 den Chairt, toisc go mainnítear cúiseanna a lua agus go bhfuil sé dodhéanta athbhreithniú a dhéanamh air.

3. An tríú saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh Airteagail 69 agus 70 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Airteagail 16, 17, 41 agus 53 den Chairt, toisc gur shocraigh an cosantóir an spriocleibhéal bliantúil go mícheart; mar mhalairt air sin, sáraíonn Airteagail 69 agus 70 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 dlí níos uachtaraí.

4. An ceathrú saincheist dlí Sáraítear dlí níos uachtaraí le hAirteagal 6 agus Iarscríbhinn I, Céim 2 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ([4]), a mhéid atá siad ar neamhréir leis an prionsabail a leagtar síos sa chásdlí *Meroni* ([5]), sháraigh an Coimisiún a inniúlachtaí agus sáraítear an prionsabal go ríomhtar an ranníocaíocht bunaithe ar an bpróifíl riosca, prionsabal na comhréireachta agus an prionsabal maidir leis na fíorais go léir a chur san áireamh.

5. An cúigiú saincheist dlí: Mar mhalairt, sáraíonn an Cinneadh Airteagail 16, 20 agus 52 den Chairt agus prionsabal na comhréireachta, toisc go bhfuil sé bunaithe ar earráidí follasacha measúnaithe maidir leis na táscairí riosca a chinneadh faoin gceathrú colún.

6. An séú saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh Airteagail 16, 20, 41 agus 52 den Chairt agus prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun dea-riaracháin, toisc go ndearnadh an coigeartú bunaithe ar an bpróifíl riosca go mícheart.

7. An seachtú saincheist dlí: Sáraíonn an chéad abairt agus an dara habairt d’Airteagal 20(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 toisc go bhforáiltear ann nach mbeidh feidhm ag fachtóir nó fachtóirí riosca le linn tréimhse neamhshocraithe, a mhéid nach mbaineann an fhaisnéis a éilítear chuige sin le ceanglas tuairiscithe maoirseachta.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225 lch. 1).

([2]) Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 1958 17, lch. 401).

([3]) IO 2012, C 326, lch. 391.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* le socruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

([5]) Breithiúnas an 13 Meitheamh 1958, *Meroni* v *an tArd-Údarás*, 10/56, EU:C:1958:8.

**Caingean arna tabhairt an 28 Iúil 2023 – DZ Bank v BRA**

**(Cás T-484/23)**

(2023/C 338/48)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: DZ Bank AG Deutsche Zentral-Genossenschaftsbank, Frankfurt am Main (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2023 (SRB/ES/2023/23), mar aon leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis, a chur ar neamhní, ar a laghad a mhéid a bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid, agus Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis, le ranníocaíocht an iarratasóra,

— a ordú do BRA na costais a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh dlí de as siocair gur bhain BRA úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú do-ghlactha mar sin toisc nach mbeadh feidhm léi, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh an dlí de;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir naoi saincheist dlí, ar comhionann iad agus na saincheisteanna arna n-ardú i gCás T-440/23, *Berlin Hyp* v *BRA*.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Iúil 2023 – Deutsche Bank v BRA**

**(Cás T-485/23)**

(2023/C 338/49)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Deutsche Bank AG (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2023 (SRB/ES/2023/23), mar aon leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid, lena n-áirítear Iarscríbhinní 1, II agus III, le ranníocaíocht an iarratasóra;

— a ordú do BRA costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh an oibleagáid cúiseanna a lua faoin dara mír d'Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 41(1) agus (2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([1]) agus an ceart bunúsach chun cosanta dlí éifeachtaí faoin gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt, toisc go bhfuil an ráiteas ar na cúiseanna easnamhach agus go bhfuil sé nach mór dodhéanta athbhreithniú a dhéanamh air.

2. An dara saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh Airteagail 69 agus 70 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ([2]) agus Airteagail 16, 17, 41 agus 53 den Chairt, toisc gur shocraigh an cosantóir an spriocleibhéal bliantúil go mícheart, agus go sáraíonn Airteagail 69 agus 70 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 dlí níos uachtaraí.

3. An tríú saincheist dlí: Sáraítear dlí níos uachtaraí le hAirteagal 6 agus Iarscríbhinn I, Céim 2 de Rialachán Tarmligthe 2015/63 ([3]), a mhéid atá siad ar neamhréir leis an prionsabail a leagtar síos sa chásdlí in *Meroni* ([4]), sháraigh an Coimisiún a chumhachtaí agus sáraítear an prionsabal go ríomhtar an ranníocaíocht bunaithe ar an bpróifíl riosca, prionsabal na comhréireachta agus an prionsabal maidir leis na fíorais go léir a chur san áireamh.

4. An ceathrú saincheist dlí: Mar mhalairt air sin, sáraíonn an Cinneadh Airteagail 16, 20 agus 52 den Chairt agus prionsabal na comhréireachta, toisc go bhfuil sé bunaithe ar earráidí follasacha measúnaithe maidir leis na táscairí riosca a chinneadh faoin gceathrú colún.

5. An cúigiú saincheist dlí: Sáraíonn an cinneadh Airteagail 16, 20, 41 agus 52 den Chairt agus prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun dea-riaracháin, toisc go ndearnadh an coigeartú bunaithe ar an bpróifíl riosca go mícheart.

6. An séú saincheist dlí: Sáraítear dlí níos uachtaraí leis an gcéad abairt agus leis an dara habairt d'Airteagal 20(1) agus toisc go bhforáiltear ann nach mbeidh feidhm ag fachtóir nó fachtóirí riosca le linn tréimhse neamhshocraithe, a mhéid nach mbaineann an fhaisnéis a éilítear chuige sin le ceanglas tuairiscithe maoirseachta.

---

([1]) IO 2012, C 326, lch. 391.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225 lch. 1)

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí *ex ante* le socruithe um maoiniú réitigh (IO 2015 L 11, lch. 44).

([4]) Breithiúnas an 13 Meitheamh 1958, *Meroni* v *an tArd-Údarás*, 10/56, EU:C:1958:8.

---

**Caingean arna tabhairt an 31 Iúil 2023 – Bayerische Landesbank v BRA**

**(Cás T-486/23)**

(2023/C 338/50)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Bayerische Landesbank (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta

— Cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2023 (SRB/ES/2023/23) mar aon leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis a chur ar neamhní, ar a laghad a mhéid a bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid, agus Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis le ranníocaíocht an iarratasóra;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh dlí de as siocair gur bhain BRA úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú do-ghlactha mar sin toisc nach mbeadh feidhm léi, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh an dlí de;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir naoi saincheist dlí, atá go díreach mar an gcéanna leo siúd a ardaítear i gCás T-440/23, *Berlin Hyp* v *BRA*.

---

## Caingean arna tabhairt an 31 Iúil 2023 – Landesbank Hessen-Thüringen Girozentrale v BRA

## (Cás T-487/23)

(2023/C 338/51)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Landesbank Hessen-Thüringen Girozentrale (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Bord Réitigh Aonair

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2023 (SRB/ES/2023/23) mar aon leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis a chur ar neamhní, ar a laghad a mhéid a bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid, agus Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis, le ranníocaíocht an iarratasóra;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh dlí de as siocair gur bhain BRA úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú do-ghlactha mar sin toisc nach mbeadh feidhm léi, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh an dlí de;

— a ordú do BRA na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir naoi saincheist dlí, atá go díreach mar an gcéanna leo siúd a ardaítear i gCás T-440/23, *Berlin Hyp* v *BRA*.

---

## Caingean arna taisceadh an 31 Iúil 2023 – BHW Bausparkasse v BRA

## (Cás T-488/23)

(2023/C 338/52)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* BHW Bausparkasse AG (Hameln, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2023 (SRB/ES/2023/23), mar aon leis na hiarscribhinní a ghabhann leis, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid, lena n-áirítear Iarscríbhinní 1, II agus III, le ranníocaíocht an iarratasóra;

— a ordú do BRA costais na n-imeachtaí a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta den tuairim nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh dlí de as siocair gur bhain BRA úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú do-ghlactha mar sin toisc nach mbeadh feidhm léi, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach ann don chinneadh atá faoi chonspóid ó thaobh an dlí de;

— a ordú do BRA costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Bunaítear an chaingean ar sheacht saincheist dlí, atá go díreach mar an gcéanna leis na saincheisteanna dlí a ardaítear i gCás T-483/23, *Deutsche Kreditbank* v *BRA*.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Lúnasa 2023 – Fidia farmaceutici v EUIPO – Vorwarts Pharma (HYALERA)**

**(Cás T-497/23)**

(2023/C 338/53)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Fidia farmaceutici SpA (Abano Terme, an Iodáil) (ionadaí: R. Kunz-Hallstein, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Vorwarts Pharma sp. z o.o. (Białystok, an Pholainn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ‘HYALERA’ – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 195 287

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bhord Achomhairc de EUIPO an 17 Bealtaine 2023 i gCás R 230/2023-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc; mar mhalairt air sin, i gcás ina ndéanfadh an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc idiragairt, a ordú do EUIPO agus don idiragraí i gcomhpháirt agus go leithleach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar phrionsabal na córa comhionanne agus ar phrionsabal an dea-riaracháin;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus sárú ar phrionsabal na cómhaireachtála maidir le trádmharcanna náisiúnta agus trádmharcanna de chuid an Aontais i dtaobh léiriú a dhéanamh ar an trádmharc níos luaithe chláraithe mar thrádmharc tuairisciúil, doiléir agus nach féidir a bheith ina chúis mearbhaill.

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus sárú ar phrionsabal na cómhaireachtála maidir le trádmharcanna náisiúnta agus trádmharcanna de chuid an Aontais i dtaobh na gcinntí agus na fianaise ar a mbraitear agus an líne réasúnaíochta a úsáidtear;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héagmais dóchúlachta go mbeadh mearbhall ann.

---

## Caingean arna tabhairt an 14 Lúnasa 2023 – Enterprise Holdings v EUIPO – Qommute (COMMUTE WITH ENTERPRISE)

**(Cás T-499/23)**

(2023/C 338/54)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Enterprise Holdings, Inc. (Saint Louis, Missouri, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: M. Forde, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Qommute SARL (Marseille, an Fhrainc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh COMMUTE WITH ENTERPRISE – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 925 816

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 1 Meitheamh 2023 i gCás R 1015/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú sa mhéid is go gcuirtear an freasúra ar aghaidh chuig an Rannán Freasúra;

— a ordú don chosantóir costais an iarratasóra sna himeachtaí reatha agus os comhair Bhord Achomhairc EUIPO a íoc; mar mhalairt air sin, i gcás ina ndéanfadh an páirtí eile atá os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO idiragairt, ordú a thabhairt don chosantóir agus don idiragraí i gcomhpháirt agus go leithleach costais an iarratasóra sna himeachtaí reatha agus os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Lúnasa 2023 – Enterprise Holdings v EUIPO – Qommute (COMMUTE WITH ENTERPRISE)**

**(Cás T-500/23)**

(2023/C 338/55)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Enterprise Holdings, Inc. (Saint Louis, Missouri, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: M. Forde, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Qommute SARL (Marseille, an Fhrainc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh COMMUTE WITH ENTERPRISE – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 947 155

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 1 Meitheamh 2023 i gCás R 989/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú sa mhéid is go gcuirtear an freasúra ar aghaidh chuig an Rannán Freasúra;

— a ordú don chosantóir costais an iarratasóra sna himeachtaí reatha agus os comhair Bhord Achomhairc EUIPO a íoc; mar mhalairt air sin, i gcás ina ndéanfadh an páirtí eile atá os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO idiragairt, ordú a thabhairt don chosantóir agus don idiragraí i gcomhpháirt agus go leithleach costais an iarratasóra sna himeachtaí reatha agus os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Lúnasa 2023 – Listan v EUIPO (Silent Loop)**

**(Cás T-501/23)**

(2023/C 338/56)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Listan GmbH (Glinde, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Pietzcker agus C. Spintig, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach den fhocalmharc 'Silent Loop' – Iarratas ar chlárú Uimh. 1 624 519

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 8 Meitheamh 2023 i gCás R 187/2023-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd arna dtabhú ag an iarratasóir.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Lúnasa 2023 – HX v an Chomhairle**

**(Cás T-502/23)**

(2023/C 338/57)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* HX (ionadaí: St. Koev, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a chinneadh go bhfuil an chaingean inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi ina hiomláine agus a chinneadh go bhfuil bunús maith leis na saincheisteanna dlí go léir a leagtar amach inti;

— a chinneadh go bhféadfaí na bearta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach;

— Cinneadh (CBES) 2023/1035 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ([1]) a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1027 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ([2]) a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh costais an iarratasóra go léir chomh maith le costais, speansais, táillí agus caiteachas eile a bhaineann lena chosaint dlí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú tromchúiseach ar an gceart chun chosaint a fháil agus ar an gceart chun trialach córa.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear mainneachtain ag an gComhairle a hoibleagáid cúiseanna a shonrú a chomhlíonadh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun cosanta breithiúnaí éifeachtaí.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe ag an gComhairle.
5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine, ar phrionsabal na comhréireachta agus ar an gceart chun saoirse fiontraíochta.
6. An séú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun gnáthshaoil.
7. An seachtú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú tromchúiseach ar an gceart chun dea-chlú.

(1) IO 2023 L 139, lch. 49.
(2) IO 2023 L 139, lch. 1.

---

**Caingean arna taisceadh an 16 Lúnasa 2023 – Freistaat Bayern v EUIPO – BSGE (Neuschwanstein)**

**(Cás T-506/23)**

(2023/C 338/58)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Freistaat Bayern (ionadaí: M. Müller, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* BSGE Bundesverband Souvenir Geschenke Ehrenpreise eV (Veitsbronn, an Ghearmáin)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ‘Neuschwanstein’ – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 15 687 353

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Bealtaine 2023 i gCás R 1013/2021-5

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

## Saincheist dlí arna maíomh

Sárú ar Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA